



Polasaí maidir le Dúnta Eisceachtúla

Exceptional Closures Policy

Scoil na bhForbacha

17668G

Polasaí maidir le Dúnta Eisceachtúla

Réamhrá

Dréachtaíodh an polasaí seo maidir le dúnta eisceachtúla i gcomhairle leis an bhfoireann, le hionadaithe tuismitheoirí agus leis an mBord Bainistíochta. Scaipfear é ar phobal na scoile trí shuíomh gréasáin na scoile agus/nó trí nuachtlitir. Tá an polasaí bunaithe ar an treoir atá ar fáil sna **Rialacha Náisiúnta do Scoileanna – Riail 60** agus sna ciorcláin ábhartha ón Roinn Oideachais.

Cúis leis an bPolasaí

Tá gá leis an bpolasaí seo mar gheall ar chásanna féideartha ar nós:

- Drochaimsir (m.sh. titim throm sneachta, gaotha láidre, tuilte)
- Miondealú ar an gcóras téimh
- Sceitheadh nó cur isteach ar an soláthar uisce a chruthaíonn saincheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta
- Damáiste tromchúiseach d'fhoirgneamh na scoile (m.sh. píopaí pléasctha, damáiste ó thine)
- Teagmhas criticiúil nó bás i bpobal na scoile
- Ar mhaithe le sláinte an phobail de réir chomhairle FSS
- Deisiúcháin riachtanacha nach féidir a chur i gcrích le linn tréimhsí saoire

Gaol le hÉiteas na Scoile

Déanann Scoil Náisiúnta na bhForbacha a dícheall timpeallacht shábháilte, dhaingean agus dírithe ar an leanbh a chur ar fáil ina bhfuil folláine gach dalta agus ball foirne ríthábhachtach, agus ina bhfuil meas agus cuimsiú lárnach d'éiteas na scoile.

Aidhmeanna agus Cuspóirí

- Sláinte, sábháilteacht agus leas na ndaltaí agus na foirne a chosaint
- Nósanna imeachta maidir le dúnta eisceachtúla a shoiléiriú agus a chur in iúl
- Cur isteach ar an bhfoghlaim a íoslaghdú agus an tsábháilteacht mar phríomhthosaíocht a chinntiú
- Cloí leis an reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta agus le ciorcláin na Roinne

Nósanna Imeachta

Titim Throm Sneachta / Drochaimsir

Rachaidh an Príomhoide i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta. Má bhíonn gá leis an scoil a dhúnadh, cuirfear tuismitheoirí agus baill foirne ar an eolas trí théacs agus ríomhphost. Má thagann drochaimsir chun cinn i rith an lae scoile, fanfaidh an bhfoireann ar an láthair go dtí go mbeidh gach leanbh bailithe go sábháilte.

Cur Isteach ar Sheirbhísí

Nuair a thugtar réamhfhógra maidir le cur isteach ar sholáthar uisce nó leictreachais, tabharfar fógra seachtaine ar a laghad do thuismitheoirí. I gcás miondealú tobann (teip ar an gcóras téimh, píopaí pléasctha), rachfar i dteagmháil le thuismitheoirí chomh luath agus is féidir trí théacs/ríomhphost. Déanfar gach iarracht na córais a dheisiú go pras.

Gaotha Láidre / Toirní agus Tintreach

Beidh na nósanna imeachta céanna i bhfeidhm agus a bhíonn i gcás titim throm sneachta. Má tharlaíonn coinníollacha contúirteacha agus an scoil oscailte, fanfaidh an fhoireann go dtí go mbeidh na páistí bailithe go sábháilte.

Damáiste d'Fhoirgneamh na Scoile

Má tharlaíonn damáiste a chruthaíonn riosca (m.sh. síleáil tite, tine, píopaí pléasctha), cuirfear na nósanna imeachta maidir le titim throm sneachta i bhfeidhm. Má tharlaíonn an damáiste le linn an lae scoile, fanfaidh na páistí faoi mhaoirseacht go dtí go mbaileofar iad go sábháilte.

Teagmhas Criticiúil / Bás

I gcás teagmhas criticiúil nó bás ball foirne, ball den Bhord Bainistíochta nó dalta, féadfar an scoil a dhúnadh do dhaltáí. Cuirfear thuismitheoirí ar an eolas trí théacs nó ciorclán. Féadfaidh an scoil fanacht oscailte don fhoireann, don Bhord Bainistíochta nó do Chumann na dTuismitheoirí chun seirbhísí, Garda Onóra nó comhairleoireacht a eagrú (féach Polasaí Teagmhais Chriticiúla).

Sláinte Phoiblí

Má mheastar go bhfuil gá leis an scoil a dhúnadh ar mhaithe le sláinte an phobail, gheobhaidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta moladh scríofa ó Oifigeach Leighis FSS. Cuirfear thuismitheoirí ar an eolas trí théacs/ríomhphost.

Deisiúcháin Chothabhála Riachtanacha

Cé gur cheart obair den sórt sin a dhéanamh le linn tréimhsí saoire de ghnáth, má bhíonn gá leis an scoil a dhúnadh chun deisiúcháin phráinneacha a dhéanamh, cuirfear thuismitheoirí ar an eolas go pras trí théacs/ríomhphost.

Nóta: Cuirtear gach leathlá pleanáilte agus gach dúnadh inseirbhíse in iúl do thuismitheoirí seachtain amháin ar a laghad roimh ré.

Róil agus Freagrachtaí

Cuireann dúnta eisceachtúla freagrachtaí ar bhaill éagsúla de phobal na scoile:

- **Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta:** cinnteoireacht i gcomhairle leis an bPríomhoide

- **An Príomhoide:** nósanna imeachta dúnta agus cumarsáid a chur i bhfeidhm
- **An Fhoireann:** maoirseacht a choinneáil agus a chinntiú go bhfágann daltaí an scoil go sábháilte

Socruithe Teagmhasacha

De réir Chiorclán 0072/2022, cuirfear socruithe teagmhasacha i bhfeidhm chun cúiteamh a dhéanamh as am caillte mar gheall ar dhúnta gan choinne. D'fhéadfadh na bearta seo a leanas a bheith san áireamh:

- Tosaíocht a thabhairt don teagasc seachas do ghníomhaíochtaí neamh-theagasc
- Sos Feabhra nó Saoire na Cásca a laghdú suas le trí lá más gá
- Féadfaidh múinteoirí ardáin dhigiteacha atá ceadaithe ag an scoil (m.sh. Seesaw, Google Classroom) a úsáid chun gníomhaíochtaí foghlama a roinnt le daltaí le linn tréimhsí fada dúnta.
- Féadfaidh múinteoirí an t-am le linn dúnta a úsáid, nuair is féidir, le haghaidh pleanáil agus ullmhú ceachtanna, ionas gur féidir teagasc agus foghlaim éifeachtach a atosú go pras nuair a osclaítear an scoil arís.



Murt Ó Cualáin, Cathaoirleach



Áine Ní Thuathail, Príomhoide

Dáta: 03/06/2026

Exceptional Closures Policy

Introduction

This policy on exceptional closures was drafted in consultation with staff, parent representatives, and the Board of Management. It will be circulated to the school community via the school website and/or newsletter. The policy follows the guidance available in the National Rules for Schools – Rule 60 and relevant Department of Education circulars.

Rationale

The need for this policy arises from possible eventualities such as:

- *Inclement weather (e.g. heavy snowfalls, high winds, flooding)*
- *Breakdown in heating system*
- *Leaks or disconnection in water supply causing Health & Safety issues*
- *Serious damage to the school building (e.g. burst pipes, fire damage)*
- *Critical Incident or death in the school community*
- *In the interests of public health as advised by the HSE*
- *Essential repairs that cannot be completed during holiday periods*

Relationship to School Ethos

S N na bhForbacha strives to provide a safe, secure and child-centred environment where the wellbeing of all pupils and staff is paramount, and where respect and inclusion are central to the school ethos.

Aims and Objectives

- *To safeguard the health, safety and welfare of pupils and staff*
- *To clarify and communicate procedures for exceptional closures*
- *To minimise disruption to learning while ensuring safety remains the priority*
- *To comply with Health and Safety legislation and Department circulars*

Procedures

Heavy Snowfall / Severe Weather

The Principal will consult with the Chairperson of the Board of Management. If closure is necessary, parents and staff will be notified via text and email. If severe weather arises during the school day, staff will remain on site until all children are safely collected.

Disconnection of Services

Where advance notice is provided of disruption to water or electricity supply, parents will be given at least one week's notice. In cases of sudden breakdown (heating failure, burst pipes), parents will be contacted as soon as possible by text/email. Every effort will be made to repair systems quickly.

High Winds / Thunderstorms

The same procedures as for heavy snowfall apply. If dangerous conditions occur while the school is in operation, staff will remain until children are collected safely.

Damage to School Building

Where damage occurs that presents a risk (e.g. collapsed ceiling, fire, burst pipes), the procedures for heavy snowfall will apply. If damage occurs during the school day, children will remain supervised until safely collected.

Critical Incident / Death

In the event of a critical incident or death of a staff member, Board member or pupil, the school may close for pupils. Parents will be notified by text or circular. The school may remain open to staff, the Board of Management or Parents' Association for the organisation of services, Guards of Honour, or counselling (see Critical Incident Policy).

Public Health

Where closure is deemed necessary in the interests of public health, written recommendation from the HSE Medical Officer will be obtained by the Chairperson of the Board of Management. Parents will be informed via text/email.

Essential Maintenance Repairs

While works should normally be carried out during holiday periods, if urgent repairs require closure, parents will be notified promptly by text/email.

Note: *All planned half-days and in-service closures are notified to parents at least one week in advance.*

Roles and Responsibilities

Exceptional closures place responsibilities on various personnel within the school:

Chairperson of the Board of Management: decision-making in consultation with the Principal

Principal: implement closure procedures and communication

Staff: maintain supervision and ensure safe dismissal of pupils

Contingency Arrangements

- In line with Circular 0072/2022, contingency arrangements will be put in place to make up for lost time due to unforeseen closures. Measures may include:*
- Prioritising tuition over non-tuition activities*
- Teachers may use school-approved digital platforms (e.g. Seesaw, Google Classroom) to share learning activities with pupils during prolonged closures.*

- *Teachers may use time during closures, where possible, for lesson planning and preparation, so that effective teaching and learning can resume promptly upon reopening.*